# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén fáth ar thaistil Brian Faulkner go Stormont i héileacaptar?

   (b) De réir dhoiciméad A, cén cineál gníomhaíochta a chonaic Faulkner ar an talamh?

   (c) De réir dhoiciméad A, cén t-éileamh a rinne Faulkner in oifig an Rúnaí Stáit?

   (d) I ndoiciméad B, cén gearán a bhí ag Merlyn Rees in aghaidh rialtas na Breataine?

(20)

2. (a) An dtacaíonn na doiciméid leis an méid a bhí le rá ag Rees i ndoiciméad A nuair a mhaígh sé go raibh smacht ag na húdaráis ar chúrsaí slándála? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) Ón bhfianaise sna doiciméid, cé acu a thaispeáin an cheannaireacht ab fhearr, Faulkner nó Rees? Cuir fáthanna le do fhreagra.

(20)

3. (a) Ar chóir do staraí glacadh le doiciméad A mar fhoinse iontaofa staire? Cuir fáthanna le do fhreagra.

   (b) Cad iad na bealaí a bhfuil doiciméad B lag nó láidir mar fhoinse staire?

(20)

4. Cad iad na deacrachtaí a bhain le Comhaontú Sunningdale a chur i bhfeidhm?

(40)

## -Doiciméad A-

**Stailc Chomhairle Oibrithe Uladh á tabhairt chun cuimhne ag Brian Faulkner, príomhfheidhmeannach ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta a d'eascair as Comhaontú Sunningdale.**

Ar maidin Dé Luain, 20 Bealtaine 1974, thug na póilíní le fios dom go raibh an oiread sin baracáidí ar na bóithre idir mo theach cónaithe agus Stormont go gcaithfí mé a thabhairt isteach ar héileacaptar. Le linn dúinn a bheith ag eitilt thar Chontae an Dúin bhí mé in ann fianaise ar ghníomhaíocht pharaimíleatach a fheiceáil thíos fúm.

Fiú amháin ag Stormont, nuair a bhíomar ag tuirlingt, chonaic mé baracáid gar go maith d'oifig Merlyn Rees. Chuaigh mé isteach chuig an Rúnaí Stáit [Rees] agus d'iarr mé, go feargach, go ndéanfaí rud éigin chun na baracáidí ar fad a bhaint anuas; ach mhaígh sé i dtosach báire, go raibh smacht ag na fórsaí slándála ar an bhfadhb agus tríd is tríd go raibh na bóithre glan.

Chuir mé deireadh leis an argóint nuair a thug mé sall chun na fuinneoige é agus thaispeáin an bharacáid ag Dundonald House dó. Bhí sé corraithe agus thug sé treoracha dá chuid feidhmeannach féachaint chuige go dtabharfaí chun bealaigh í. Go gairid ina dhiaidh sin tháinig ollscartaire agus bhrúigh sé an bac i leataobh; ach, laistigh d'uair an chloig nó mar sin, bhí an bharacáid ar ais sa spota céanna arís.

(Sliocht leasaithe as Brian Faulkner, *Memoirs of a Statesman*, Londain, 1978)

## -Doiciméad B-

**Merlyn Rees, Rúnaí Stáit rialtas na Breataine do Thuaisceart Éireann agus é ag scríobh faoin am sin.**

Bhí ár bhfeidhmeannas sa chúige faoi bhagairt fiú. Tugadh rabhadh pearsanta dom maidir le hiarracht feallmharfa agus bhí sé deacair agam féin agus ag an bhfoireann bheag ón mBreatain a bhí in éineacht liom i dTuaisceart Éireann taisteal ar na bóithre. Bhí iarracht déanta againn feidhm a bhaint as héileacaptair chun taisteal ón *Culloden Hotel*, ach bhí sé deacair a bheith ag obair ann san oíche nuair nach raibh an áit feiliúnach chuige sin.

Dá bhrí sin, shocraíomar campáil in Oifig an Spéicéara in Stormont. Cóiríocht bhunúsach a bhí ar fáil ansin - leapacha campa, bia stánaithe – agus chuir an t-atmaisféar thréimhsí i mo sheirbhís chogaidh i gcuimhne dom. Bhíomar scoite amach, ag obair ar feadh uaireanta fada agus ní cheapaim gur tuigeadh in Westminster cé chomh deacair a bhí cúrsaí dúinn ag an am. Bhí gach tuairisc a fuaireamar ag léiriú go raibh an scéal ag dul in olcas. I ndáiríre, is iad lucht na stailce a bhí i mbun riaracháin.

(Sliocht leasaithe as Merlyn Rees, *Northern Ireland: A Personal Perspective*, Londain, 1985)

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhain Ó Conaill amach Fuascailt agus gur theip air Reipéil a bhaint amach? (100)
2. Cén éifeacht shóisialta agus eacnamaíoch a bhí leis an imirce agus/nó le teacht na n-iarnród? (100)
3. Cad a chuir gluaiseacht na Éire Óg agus/nó Fíníneachas leis an náisiúnachas in Éirinn? (100)
4. Cad a chuir Asenath Nicholasan agus/nó an Mháthair Mary Aikenhead le gnóthaí na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Charles Stewart Parnell le leasú ar chóras na talún agus le forbairt ghluaiseacht an Rialtais Dúchais? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí eacnamaíochta agus sóisialta a tharla i mBéal Feirste agus/nó i mBaile Átha Cliath sa tréimhse 1870-1914? (100)
3. Cé acu eagraíocht ab éifeachtaí, CLG nó Conradh na Gaeilge? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Edward Carson mar cheannaire ar an Aontachas? (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1912-1920, cad iad na tosca a chuir le críochdheighilt na hÉireann? (100)
2. Cé acu ab fhearr a rinne láimhseáil ar an gcaidreamh Angla-Éireannach, Liam T. Mac Cosgair nó Éamon de Valera? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt díobh. (100)
3. Cé chomh mór agus a chothaigh Comhdháil Chorp Chríost, 1932, agus/nó beartais teanga agus oideachais rialtais na hÉireann an fhéiniúlacht Éireannach? (100)
4. Conas a d'fhreagair an Páirtí Aontachtach i gcumhacht do na dúshláin a bhain le mionlach substaintiúil náisiúnaithe a bheith laistigh de Thuaisceart Éireann? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é an t-eispéireas a bhí ag Éireannaigh in Grosse Isle? (100)

2. Cén fáth a ndeachaigh formhór na n-imirceach Éireannach chuig SAM agus cén fáth a raibh meon frith-Éireannach ansin idir an Gorta Mór agus an Chéad Chogadh Domhanda? (100)

3. Cad iad na treochtaí ba mhó a bhain le himirce mhuintir na hÉireann le linn na tréimhse 1920-1966? (100)

4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin Eaglais Chaitliceach agus faoi dhiaspóra na hÉireann ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an tArdeaspag Daniel Mannix; an Mháthair Mary Martin; an tEaspag Edward Galvin? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. I rith na tréimhse 1949-1959, cé chomh maith agus a d'éirigh le beartais shóisialta agus eacnamaíochta rialtais na hÉireann? (100)

2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Seán Lemass mar Thaoiseach ina bhainistiú ar ghnóthaí inmheánacha agus seachtracha? (100)

3. Cad iad na dúshláin ba mhó a bhí roimh rialtais na hÉireann sna 1970idí agus na 1980idí agus cé chomh maith agus a dhéileáil siad leo? (100)

4. Cén tionchar a bhí ag an teilifís agus/nó ag Vatacáin II ar Phoblacht na hÉireann? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos**.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad é córas Metternich agus conas a baineadh dá bhonn é, 1815-1848? (100)

2. Cén fáth a raibh an Fhrainc míshocair i rith na tréimhse, 1815-1871? (100)

3. Conas a léiríodh náisiúnachas cultúrtha trí cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ceol; ealaín; litríocht agus teanga? (100)

4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Baron Haussmann Páras a athphleanáil? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag polasaí eachtrach na Gearmáine ar an athrú i gcothromaíocht na cumhachta san Eoraip, 1871-1914? (100)

2. Cad iad na príomhdhúshláin a bhí roimh an Rúis, 1871-1920? (100)

3. Cén tionchar a bhí ag an gCéad Chogadh Domhanda ar an eacnamaíocht agus ar an tsochaí san Eoraip? (100)

4. Conas a léiríodh féiniúlacht náisiúnta tríd an litríocht agus trí na healaíona le linn na tréimhse, 1871-1920? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí rialtais na Gearmáine agus iad ag déileáil le fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta sa tréimhse, 1920-1939? (100)

2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí polasaithe inmheánacha agus seachtracha Josef Stalin? (100)

3. Cad iad na príomhfhorbairtí a bhí sa chaidreamh idir an stát agus an eaglais faoi Hitler agus Mussolini? (100)

4. Cén tionchar a bhí ag an gcultúr pobail Angla-Mheiriceánach ar an Eoraip, 1920-1945? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a forchuireadh rialtais chumannacha ar Oirthear na hEorpa idir críoch an Dara Cogadh Domhanda, 1945, agus briseadh Éirí Amach na hUngáire, 1956? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíochta a bhí san Eoraip, 1973-1992? (100)
3. Cad iad na tosca a chuir le titim an chumannachais? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cé chomh tábhachtach agus a bhí forbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: dul chun cinn sna heolaíochtaí bitheolaíocha; cumhacht núicléach; an ríomhaire? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. An cúnamh nó bac a bhí i gcúlú na Breataine don India? Cuir fáthanna le do fhreagra. (100)
2. Cad iad na fadhbanna tipiciúla a bhí roimh oibrithe forbartha san Afraic? (100)
3. Cé acu tír ab fhearr a rinne bainistiú ar chaidreamh cine, an Bhreatain nó an Fhrainc? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
4. Cén tábhacht a bhain le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas san Afraic iarchóilíneach: Julius Nyerere; Gamal Abdul Nasser; Nadine Gordimer? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas do pholasaí eachtrach SAM: Beirlín; an Chóiré; Cúba? (100)
2. Cén fáth a raibh borradh eacnamaíochta sna Stáit Aontaithe, 1945-1968, agus cén tionchar a bhí aige ar an tsochaí? (100)
3. Cén rath a bhí ar uachtaránacht Lyndon Johnson agus cad iad na teipeanna a bhí aige? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an tuirlingt ar an nGealach ar ghnóthaí baile agus eachtracha SAM? (100)

# Leathanach Bán